# Bainisteoir Raidió Rí-Rá

Is cairt-stáisiún ceoil é Raidió Rí-Rá a bhíonn ag craoladh go hiomlán trí Ghaeilge. Bíonn an ceol ar fad ó na cairteacha le cloisteáil ar an stáisiún, mar aon le nuacht siamsaíochta, an nuacht spóirt agus an nuacht scannánaíochta is déanaí. Tá Raidió Rí-Rá le cloisteáil 24/7 ar líne, ar an raidió DAB nó is féidir aip Raidió Rí-Rá a íoslódáil saor in aisce. Bunaíodh Raidió Rí-Rá i 2008.

Tá Raidió Rí-Rá faoi cheannas Raidió X Teoranta le tacaíocht ó Chonradh na Gaeilge agus maoinithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán trí Chiste na Gaeilge ó Fháltais an Chrannchuir Náisiúnta.

**Tá sé i gceist againn bainisteoir a fhostú go 31 Nollaig 2023.**

**Cur síos ar an bpost**

Faoi stiúradh Bord Raidió Rí-Rá, beidh sé de dhualgas ar an té a cheapfar na dualgais seo a leanas a chomhlíonadh:

- Sceideal an stáisiúin a bhainistiú
- Foireann an stáisiúin a bhainistiú
- An suíomh gréasáin a bhainistiú
- Ábhar a chruthú do na meáin shóisialta agus bainistiú a dhéanamh ar na meáin shóisialta
- Clár beo laethúil a léiriú agus a láithriú
- Cabhrú le Ródseó Raidió Rí-Rá
- Dualgais eile de réir mar is gá

**Cur síos ar an té a cheapfar**

- Ardchaighdeán Gaeilge agus Béarla idir scríofa agus labhartha
- Cur amach ar MS Office & G-Suite
- Cur amach ar na meáin shóisialta
- Taithí ag obair leis na meáin roimhe seo

**Spriocdháta:**

Is gá CV agus litir chumhdaigh as Gaeilge a chur chuig post@cnag.ie faoin **Luan 7 Márta 2022 ag 11:00.**

**Eolas eile:**

- Tuarastal – pro rata d'Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin (€48,868 - €61,5452, tá sé i gceist againn an ról a ofráil ag tús an scála)
- Beidh na hagallaimh don phost seo ar siúl **Déardaoin 10 Márta 2022 thar Zoom**
- Beidh an post seo lonnaithe i mBaile Átha Cliath